www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**January 2011**

# Staidéir Ghnó

## Aonad Measúnaithe AS 2

*ag measúnú*

## Acmhainní Gnó á mBainistiú

**[AT121]**

**DÉARDAOIN 20 EANÁIR, IARNÓIN**

AT121

### AM

1 uair 30 nóiméad.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **an dá** cheist.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1** codanna **(d)** agus **(e)** agus i gceist **2** codanna **(d)** agus **(e)**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

### COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ

Moltar duit an t-am a chaithfidh tú ar gach ceist nó ar chuid de cheist a roinnt de réir líon na marcanna atá ag dul don cheist nó don chuid sin.

www.xtrapapers.com

1 Déan staidéar ar an fhaisnéis seo thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.

**An Comharchumann**
buntáistí ann do chách

© The Co-operative Group http://www.co-operative.coop

**Somerfield ceannaithe ag an Ghrúpa Comharchumainn ar £1.57 billiún**

D'aontaigh an Grúpa Comharchumainn (an Co-Op), an cúigiú sraith ollmhargaí is mó sa RA, go gceannódh sé Somerfield, iomaitheoir dá chuid. Tá breis agus 4300 asraon miondíola sa RA ag an Co-Op agus tá 85 000 fostaí aige. Tá tuairim is 900 siopa ag Somerfield.

Tá an Co-Op tiomanta dá luachanna i dtaca le féinchuidiú, daonlathas, comhionannas agus oideachas agus oiliúint dá fhoireann uilig. Spreagann an tsraith ollmhargaí na scairshealbhóirí aige le haiseolas a thabhairt faoi na rudaí atá tábhachtach dóibh. Tá an stíl dhaonlathach seo á cleachtadh san eagraíocht iomlán agus an Bord Stiúrthóiri, na bainisteoirí agus na maoirseoirí san áireamh. Is é Peter Marks Príomhfheidhmeannach an Ghrúpa agus déanann seisean an t-údaras a thiomnú síos an slabhra ceannais chuig na Stiúrthóirí éagsúla atá freagrach as Margaíocht, Acmhainní Daonna agus as an ghnó a bhaineann le Sain-mhiondíol.

Ag gach leibhéal san eagraíocht, tá deiseanna éagsúla ann don fhoireann le scileanna nua a fhoghlaim nó le seanscileanna a athnuachan, trí cheachtar acu oiliúint ar an láthair oibre nó oiliúint taobh amuigh den láthair oibre. Fágann sé seo go mbíonn fostaithe ábalta leanúint ar aghaidh lena staidéir phroifisiúnta nó le tabhairt faoi cháilíochtaí gairme. Tig leis an fhoireann oiliúint agus forbairt a eagrú trí theagmháil dhíreach a dhéanamh le roinn Bainistíochta Acmhainní Daonna (HRM). Tá an Co-Op ag brath go mór ar theicneolaíocht nua-aimseartha lena spéiseanna gnó a fhorbairt agus le cumarsáid a dhéanamh leis na scairshealbhóirí aige. Tá modhanna éagsúla cumarsáide in úsáid ag an Ghrúpa faoi láthair, modhanna amhail an tIdirlíon, ríomhphost agus gutháin phóca. An teicneolaíocht a bheith ag athrú go gasta, áfach, fágann sé go mbíonn dúshlán ann i gcónaí don ghnólacht.

© from BBC news at BBC.co.uk/news http://news.bbc.co.uk/hi/business/7508982.stm

**(a)** Mínigh **dhá** fháth a bhfuil cumarsáid éifeachtach tábhachtach don Ghrúpa Comharchumainn. [4]

**(b)** Mínigh cad é atá i gceist leis an téarma an slabhra ceannais agus úsáid sampla le do fhreagra a léiriú. [4]

**(c)** Anailísigh an tionchar a bhíonn ag stíl dhaonlathach bainistíochta taobh istigh den Ghrúpa Comharchumainn. [8]

**(d)** Meas úsáid oiliúna ar an láthair oibre taobh istigh den Ghrúpa Comharchumainn. [12]

**(e)** Pléigh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíocht ar chumarsáid do ghnólacht amhail an Grúpa Comharchumainn. [12]

www.xtrapapers.com

**2** Déan staidéar ar an fhaisnéis seo thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Ranníocaíocht agus Meá ar Mheá**

Déanann Felix Connelly cáis agus díolann sé le margadh idirnáisiúnta í. Táirgeann Felix 4000 paca gach seachtain agus díolann sé le miondíoltóirí iad ar £2.00 an paca. Is é 80p an paca na costais athraitheacha réamhaisnéisithe (comhábhair agus saothar). Is é £3,000 sa tseachtain na costais sheasta réamhaisnéisithe.

Is é atá i gceist leis na figiúirí seo ná réamhaisnéis ar na costais a d'fhéadfadh a bheith ar tháirgeadh na bliana dár gcionn agus is féidir go mbeidh tionchar tromchúiseach acu ar an réamhaisnéis do shreabhadh airgid. Tuigeann Felix gur féidir go mbeidh na costais sheasta agus na costais athraitheacha ag athrú i rith na bliana mar gheall ar thosca gan choinne. Is féidir go mbeidh costas na gcomhábhar agus costas an tsaothair ag athrú. Bhí Felix ag smaoineamh ar roinnt athraitheas a ríomh mar dhóigh leis na costais a rialú taobh istigh den ghnólacht.

Mar gheall ar an chúlú, d'iarr roinnt miondíoltóirí ar Felix an tréimhse chreidmheasa aige a leathnú. Tá creidmheas 15 lá ar fáil faoi láthair cé go bhfuil custaiméirí áirithe ag iarraidh creidmheas 30 lá a idirbheartú. Ní bheadh ar Felix aon lascaine ar airgead síos a thairiscint agus bheadh na custaiméirí sásta leis seo mar fhoinse ghearrthréimhse airgid.

**(a)** Mínigh an difear idir airgead tirim agus brabús agus úsáid sampla le do fhreagra a léiriú. [4]

**(b)** Ríomh an líon de phacaí cáise a chaithfidh Felix a tháirgeadh agus a dhíol gach seachtain le coimheá airgid a bhaint amach. [4]

**(c)** **(i)** Ríomh an t-aschur a bheadh de dhíth le leibhéal spríce brabúis de £3,000 a bhaint amach. [4]

**(ii)** Anailísigh a thábhachtaí atá ranníocaíocht do ghnólacht amhail Felix Connelly. [4]

**(d)** Meas a úsáidí atá sé do Felix Connelly anailís athraithis a dhéanamh. [12]

**(e)** Meas na modhanna a d'fhéadfadh Felix a úsáid lena shreabhadh airgid a fheabhsú. [12]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

6855.03